



BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EUdefence



13 Meitheamh 2018

AN CISTE EORPACH COSANTA

... CÉN FÁTH A DTEASTAÍONN AN CISTE EORPACH COSANTA UAINN?

Toisc gur i méid atá an éagobhsaíocht gheopholaitiúil ag dul agus gur bagairtí trasteorann iad bagairtí nua ar nós cibearionsaithe, ní mór don Aontas Eorpach tuilleadh freagrachta a ghlacadh chuige féin as a chuid saoránach, agus na luachanna agus an modh maireachtála atá acu, a chosaint.

Ní féidir leis an Aontas Eorpach ionad na mBallstát a ghlacadh i réimse na cosanta, ach is féidir leis an Aontas na Ballstáit a spreagadh dul i gcomhar le chéile ar fhorbairt agus ar éadail na dteicneolaíochtaí agus an trealamh a theastaíonn chun dúshlán choiteanna i réimse na slándála agus na cosanta a fhreagairt. Tá an tAontas Eorpach ag cur dlús lena sciar féin den obair atá á déanamh ar mhaithe le slándáil agus cosaint chomhchoiteann na hEorpa, agus tá sé ag obair i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe, Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) go háirithe.



Tá an trí cheathrú cuid de shaoránaigh na hEorpa ag iarraidh Comhbheartas Slándála agus Cosanta níos láidre

CAD É AN CISTE?

Rannchuideoidh an Ciste Eorpach Cosanta le neamhspleáchas straitéiseach na hEorpa i dtaca lena cuid saoránaigh a chosaint. Déanfaidh sé comhordú ar infheistíochtaí náisiúnta cosanta, iad a fhorlónadh agus a dtionchar a mhéadú. Cuirfidh an Ciste leis an gcomhar idir na Ballstáit i ndáil le teicneolaíocht agus trealamh cosanta idir-inoibritheach den chineál is úire a chruthú. Spreagfaidh sé go mór rannpháirtíocht FBManna i dtionscail chomhoibríocha agus cothóidh sé réitigh a bheidh bunaithe ar an nuálaíocht cheannródaíoch.



CAD A BHAINFEAR AMACH LEIS AN GCISTE?



Feidhmeoidh sé mar chatalaíoch i gcomhar bonn tionsclaíoch agus eolaíoch nuálach iomaíoch, a bheidh in ann freastal ar riachtanais chosanta na hEorpa le teicneolaíocht agus trealamh idir-inoibritheach den chineál is úire.



Trí acmhainní a chur le chéile, is féidir le Ballstáit luach níos fearr a fháil ar a gcuid infheistíochtaí agus teicneolaíochtaí agus trealamh a fhorbairt nach mbeadh ar a n acmhainn dá mbeidís ag obair go neamhspleách ar a chéile.



Trí thacaíocht a thairiscint do na céimeanna taighde agus forbartha den saolré cinnteofar nach gcaillfear torthaí taighde ceal maoiniú cuí a bheith ann chun fréamhshamhlacha a fhorbairt agus an teicneolaíocht a thástáil.



AN COSTAS A BHINEANN LEIS AN ILROINNT AGUS NEAMHÉIFEACHTÚLACHTAÍ REATHA

	AE	SAM
Caiteachas ar an gCosaint		
Méid Iomlán	€227 mbilliún	€545 bhilliún
% OTI	1.34	3.3
Infheistíocht in aghaidh an tsaighdiúra	€ 27.639	€ 108.322
Dúbailt ar Chórais atá in Úsáid		
Líon na gcineálacha córas arm*	178	30
Príomhthancanna catha	17	1
Scríostóirí/frigéid	29	4
Eitleáin trodaíochta	20	6

* Líon na gcineálacha córas arm le haghaidh na gcatagóirí córas arm atá roghnaithe
Foinse: ECAT, An Institiúid Idimáisiúnta um Staidéir Straitéiseacha, SIPRI, Munich Security Report 2017



Meastar go bhfágfar costas bliantúil idir €25 bhilliún agus €100 billiún ar na Ballstáit i ngeall ar an easpa comhair eatarthu i réimse na cosanta agus na slándála.



Faoi láthair, tá thart ar 80% den soláthar cosanta á reáchtáil ar an leibhéal náisiúnta amháin, rud a fhágann go ndéantar dúbailt chostasach ar acmhainní míleata.



Ó bhí 2010 ann, tá níos lú ná €200 milliún caite gach bliain ar thaighde agus ar theicneolaíocht chomhoibríoch Eorpach i réimse na cosanta.




CONAS A MHAOINEOFAR É?

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún buiséad **€13 bhilliún** don tréimhse 2021-2027 a chur in áirithe don Chiste Eorpach Cosanta. Beidh an tAontas Eorpach ar cheann de na ceithre infheisteoir is mó san Eoraip sa taighde i réimse na cosanta.

Is féidir comhlánú a dhéanamh ar an gCiste Eorpach Cosanta le tacaíocht airgeadais a chuirfear ar fáil faoin gCiste InvestEU a bheidh dírithe ar earnáil na cosanta.

BUISÉAD AN AONTAIS ATÁ CURTHA IN ÁRITHE DON CHISTE EORPACH COSANTA






CONAS A OIBREOIDH AN CISTE?

Tacóidh an Ciste le tionscadail iomaíocha chomhoibríocha i réimse na cosanta feadh thimthriall iomlán an taighde agus na forbartha le go mbeidh tionchar níos mó acu.

Déanfaidh an tAontas Eorpach féin na costais iomlána a mhaoiniú sa chéim taighde, go háirithe le deontais. Tar éis na céime sin, is comhlánú ar infheistíocht na mBallstát a bheidh sa Chiste trí chómhaoiniú a dhéanamh ar suas le 20% de na costais i dtaca le forbairt fréamhshamhlacha agus suas le 80% de na gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus tástála ina dhiaidh sin.

Ní chumhdaítear céim na hEadálta faoin gCiste. I gcás ina gcinneann Ballstáit acmhainní a fháil le chéile, trí héileacaptair a cheannach le chéile, mar shampla, is féidir leis an gCoimisiún tacaíocht phraiticiúil a thabhairt, e.g. cabhrú chun socruithe airgeadais éifeachtacha a roghnú, téarmaí agus creat-chomhaontuithe a sholáthar agus comhairle faoi struchtúir úinéireachta.



- **Níl incháilithe ach tionscadail chomhoibríocha.** Ba cheart 3 rannpháirtí as 3 Bhallstát éagsúla ar a laghad a bheith páirteach i ngach tionscadal.
- Déanfar **tionscadail a shainmhíniú de réir na dtosaíochtaí a shocrófar in éineacht le Ballstáit**, agus é mar aidhm leo rannchuidiú le leasanna slándála agus cosanta an Aontais, i gcomhréir leis na tosaíochtaí don acmhainneacht chosanta a chomhaontaigh na Ballstáit faoi chuimsiú an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus le heagraíochtaí réigiúnacha agus idimáisiúnta eile (ECAT).
- Faoin gCiste, spreagfar **rannpháirtíocht trasteorann FBManna** trí rátaí maoinithe níos airde a sholáthar agus tús áite a thabhairt do chuibhreannais ina bhfuil FBManna.
- Déanfar **5% den bhuiséad a imfhálú don nuálaíocht shuaitheach ardriosca** a spreagfaidh ceannaireacht theicneolaíoch agus neamhspleáchas cosanta fadtéarma na hEorpa.
- Le cinntiú go mbainfear úsáid mhaith as acmhainní an Aontais, ní dhéanfar cómhaoiniú ar fhorbairt fréamhshamhlacha coiteanna faoin gCiste ach amháin **má gheallann Ballstáit go gceannóidh siad an táirge deiridh**. Ní bheidh úinéireacht ar aon chuid de ag an Aontas Eorpach.
- Má bhíonn siad incháilithe, féadfaidh tionscadail **an Bhuanchomhair Struchtúrtha (PESCO)** ráta cómhaoinithe AE níos airde a fháil (bónas cómhaoinithe 10% breise), ach ní dhéanfaidh an Ciste ranníocaíocht uathoibríoch.



CÉ NA CÉIMEANNA A BHÍ ANN AR AN TSLÍ I DTREO AN CHISTE?

Fis forbairt é an Ciste ar na hiarrachtaí atá déanta ag Coimisiún Juncker chun an comhar i réimse na cosanta a chur chun cinn agus a thástáil.

Déanfar €90 milliún ó bhuiséad an Aontais 2017-2019 a leithdháileadh ar an taighde i réimse na cosanta agus tá an chéad bhabhta de dheontais AE do thionscadail taighde i réimse na cosanta sínithe cheana féin. Ina measc sin, le deontas €35 mhilliún, tacaíonn an tionscadal Ocean2020 leis an bhfaireachas muirí agus le misin díchumasaithe ar muir agus, chuige sin, déanfar ladraínn agus fomhuireáin gan fhoireann a chuimsiú in oibríochtaí cabhlaigh. Déanfar glaonna nua ar thograí taighde i réimse na cosanta a sheoladh go luath.

Chomh maith leis sin, sheol an Coimisiún an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) agus tá €500 milliún beartaithe don chlár sin in 2019 agus 2020. Tá Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tagtha ar chomhaontú sealadach faoin gclár agus beidh an comhaontú sin infheidhme in Eanáir 2019.



CONAS A DHÉANFAIDH AN CISTE COMHLÁNÚ AR THIONSCNAIMH EILE I RÉIMSE NA COSANTA?

- Déanfar dlúthnaisc a chinntiú idir an Ciste Eorpach Cosanta agus na tionscadail a cuireadh i bhfeidhm faoi chuimsiú an Bhuanchomhair Struchtúrtha i réimse na cosanta (**PESCO**).
- Leis an **tSaoráid Eorpach Síochána**, ionstraim sheachbhuiséid €10.5 billiún nach dtagann faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, tabharfar tacaíocht do ghníomhaíochtaí eile a bhfuil baint acu leis an gcosaint. Tá sé mar chuspóir leis an tsaoráid sin cur leis an tacaíocht a chuireann an tAontas ar fáil d'oibríochtaí síochána de chuid tríú páirtithe ar fud an domhain; íoc as comhchostais a bhaineann le misin mhíleata an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (atá cuimsithe faoin sásra Athena faoi láthair); agus é a chur ar chumas an Aontais gníomhaíochtaí níos forleithne a eagrú chun tacú le fórsaí armtha tíortha comhpháirtíochta bonneagar, trealamh nó cúnamh teicniúil míleata a chur ar fáil.
- Cuirfear buiséad €6.5 billiún i leataobh sa tSaoráid um Chónascadh na hEorpa chun bonneagar straitéiseach iompair an Aontais a fheabhsú le go mbeidh sé oiriúnach don **tsoghluasteacht** mhíleata.
- Trí chomhar níos éifeachtaí a chur chun cinn leis an gclár nua €100 billiún taighde agus nuálaíochta **Fís Eorpach** cinnteofar gur féidir le torthaí ó thaighde sibhialta cabhrú le hinniúlachtaí cosanta a fhorbairt agus vice versa. Fágfaidh sin go seachnófar roinnt den dúbailt oibre a dhéantar.